Nótaí cainte… An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin ag bronnadh *GRADAM an PHIARSAIGH, 2012*…Baile Átha Cliath…Dé Máirt, 01 Bealtaine 2012, 8.45pm.

Onóir agus pribhléid dom an cuireadh seo a fháil le Gradam an Phiarsaigh a bhronnadh i mbliana agus glacaim buíochas le Coiste na Fondúireachta as a gcuireadh é sin a dhéanamh. Ní fhéadfainn duine níos oiriúnaí a shamhlú mar bhuaiteoir ar Ghradam an Phiarsaigh 2012 ná Treasa Ní Ailpín – Treasa Ní Sheaghdha, as Ros an Mhíl i gConamara ó dhúchas.

Múinteoir, údar, teangeolaí agus saineolaí ar an luathoideachas í, bean a bhfuil a rian agus a marc sainiúil féin fágtha aici ar an soláthar leathan ábhar atá ar fáil anois i nGaeilge mar áiseanna teagaisc agus foghlama d'aos óg na linne seo.

Níl amhras dá laghad orm ach go dtagann a cuid tuiscintí ar an oideachas, ar fhorbairt an pháiste, ar shealbhú agus ar fhorbairt teanga go hiomlán le tuiscint an Phiarsaigh.

Tá áthas ar leith orm go bhfuil an gradam tábhachtach seo á bhronnadh i mbliana ar bhean Ghaeltachta. Feictear dom go bhfuil sí ar an 32ú duine a roghnaíodh don onóir mhór seo ón bhliain 1980 i leith … agus an t-ochtú duine, déarfainn, ón Ghaeltacht a bhfuil an t-aitheantas seo á fháil aici – aitheantas atá saothraithe agus tuillte go maith aici.

Más i Ros an Mhíl a rugadh agus a tógadh Treasa Ní Ailpín, is anseo i mBaile Átha Cliath atá formhór mór a saoil caite aici go dtí seo….mar bhunmhúinteoir i Scoil Bhríde agus i Scoil Chualann. Bhí sí ina stiúrthóir ar Naíonra Lorcáin ar feadh 10 mbliana agus sna poist sin ar fad thug sí cinnireacht ó thaobh staidéar eolaíoch ar shealbhú teanga agus ar úsáid phraiticiúil an eolais sin i múineadh na Gaeilge.

D'fheidhmigh sí go héifeachtach ar Choiste na Naíonraí Gaelacha ó bhlianta tosaigh na heagraíochta sin agus ar an gComhchoiste Réamhscolaíochta, ar a dtugtar Forbairt Naíonraí Teoranta anois. De thoradh na hoibre sin ar fad, bhí páirt ghníomhach aici in oiliúint stiúrthóirí naíonraí agus tá a fhios againn ar fad a thábhachtaí agus atá an obair sin.

Ach feictear dom féin mura raibh ann ach a cuid oibre mar údar ar shraith ollmhór saothar do pháistí óga go mbeadh an gradam seo tuillte agus tuillte go maith ag Treasa Ní Ailpín. Tá muid ag caint anseo ar na leabhair nuachumtha, na haistriúcháin, na scéalta ar fad atá curtha in oiriúint do pháistí óga aici, na leabhair rannta a bhfuil caiséid cheoil leo, na drámaí agus na leabhair a bhfuil cóiriú nua curtha aici orthu…stop mé féin ag cuntas líon na dteideal éagsúil nuair a bhí dhá scór bainte amach…ach is cinnte gur gaisce agus éacht an méid atá déanta aici, gan bréag ar bith.

Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh daoine in ann teanga a shealbhú in éagmais tacaíochta – tá tábhacht ollmhór le hábhar léitheoireachta agus ábhar eile teagaisc do pháistí. Bhí Treasa Ní Ailpín ina ceannródaí sa réimse seo agus tá an t-ábhar a chuir sí ar fáil á úsáid go forleathan i scoileanna na tíre agus ag tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge.

D'aithin na Coláistí Oideachais an bua atá aici agus d'iarr siad uirthi cabhrú leis na mic léinn ó thaobh sealbhú teanga agus múineadh na Gaeilge sna scoileanna. Tugann sí cainteanna agus eagraíonn sí ceardlanna do na mic léinn atá ag dul le bunmhúinteoireacht. Ar ndóigh, bhí sí ina ball den chéad bhord a bhí ag Foras na Gaeilge agus cé go bhfuil sí críochnaithe leis an mhúinteoireacht lánaimseartha anois, tá sí fós ag obair go deonach sna réimsí go léir atá luaite agam.

An gníomh is mó is féidir le haon duine againn a dhéanamh go pearsanta ar son na teanga ná a chinntiú go dtugtar ar aghaidh í go dtí an chéad ghlúin eile. Ní amháin go ndearna Treasa Ní Ailpín é sin trína clann féin a thógáil le Gaeilge anseo i mBaile Átha Cliath, ach chabhraigh sí leis an bpróiseas sin a dhéanamh rud beag níos fusa d'iliomad teaghlach eile ar fud na tíre. Is cinnte i gcaitheamh a saoil go bhfuil sáriarracht déanta aici idéalacha an Phiarsaigh a chur chun cinn. Tá ár mbuíochas agus ar gcomhghairdeas tuillte go maith aici.

Tá muid ag druidim go gasta i dtreo chomóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca, 1916. Tá súil agam go gceapfadh an Piarsach agus laochra eile na Cásca go bhfuil cúis chomórtha againn. Agus tá go leor ar cheart dúinn a bheith bródúil as. Os a choinne sin, nílimid gan deacrachtaí agus fadhbanna faoi láthair agus ba dhána an té a déarfadh nach bhfuil cuid áirithe den fhlaitheas sin a baineadh amach de thoradh Éirí Amach na Cásca, 1916 caillte arís againn de bharr a bheith ag brath ar chineáltas na strainséirí…the kindness of strangers…. san IMF, san EU agus sa ECB. Má thosaigh ár bhflaitheas le heachtraí ar urlár Ard-Oifig an Phoist i 1916, bímis ag súil nach ar urlár na mbanc le linn Ré an Tíogair Cheiltigh a chríochnóidh sé go buan.

I mo chuid oibre féin bím gafa le dhá ábhar ar leith a bhí gar go maith do chroí an Phiarsaigh…an teanga agus an dlí. D'fhoilsigh muid an tseachtain seo caite tuarascáil bhliantúil ar obair na hOifige anuraidh a léirigh, i measc rudaí eile, nach raibh aon Ghaeilge ag ocht nGarda as naonúr a bhí curtha ar dualgas ag lucht bainistíochta an Gharda Síochána i nGaoth Dobhair. Ní fhéadfá agus tú ag plé leis an gcás sin gan smaoineamh ar aon chás cúirte a thóg Pádraig Mac Piarais, mar abhcóide, ós rud é gur bhain an cás le Gardaí nó póilíní, leis an teanga agus le Dún na nGall.

Tugadh Niall Mac Giolla Bhríde as Cnoc a' Tí, an Craoslach, os comhair na cúirte sa bhliain 1905 mar go raibh a ainm agus a sheoladh 'doléite' ar a charr capaill. I nGaeilge a bhí siad agus sa chló Gaelach. Cúisíodh agus ciontaíodh faoi dhó é agus chuir an fhíneáil dhá scilling oiread oilc ar Chonradh na Gaeilge gur iarr siad ar dhlíodóir, Pádraig Ó Gallchóir, as Mín Tine Dé i nDún na nGall, achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Pádraig Mac Piarais an t-abhcóide a d'fheidhmigh thar ceann an dlíodóra sin san achomharc chuig an Court of King's Bench. Chaill sé

an cás, an t-aon chás cúirte ina raibh an Piarsach gníomhach riamh mar abhcóide. Tá súil agam go mbeidh níos mó d'ádh ormsa agus mé i mbun comhraic le húdaráis an Gharda Síochána ag iarraidh go gcomhlíonfaí an dlí agus gur Gardaí a mbeadh Gaeilge líofa acu a bheadh lonnaithe sa Ghaeltacht! Ar bhealach, is beag idir cás Mhic Giolla Bhríde i 1905 agus Gardaí ag éileamh ar chuid áirithe de phobal na Gaeltacht feidhmiú trí Bhéarla sa lá atá inniu ann, ach amháin go bhfuil sé ag tarlú i ndlínse neamhspleách agus go bhfuil sárú reachtúil i gceist ann. "Plus ca change", mar a deir muid ar fad sa Ghaeltacht!

Tá cónaí orm féin le blianta fada anois i nGaeltacht an Gaillimhe, an Ghaeltacht arbh as do Threasa Ní Ailpín ó dhúchas. Ba ansin a tháinig Pádraig Mac Piarais sa bhliain 1903 den chéad uair, go dtí an Gort Mór i Ros Muc, le scrúdú Gaeilge a chur ar ábhar múinteoirí Gaeilge a bhí le dul ag obair le Conradh na Gaeilge.

Cainteoirí dúchais Gaeilge, dála Choilm Uí Ghaora, a bhí le cur faoi scrúdú aige agus tá íoróin nach beag ag baint leis gur fear as Baile Átha Cliath a d'fhoghlaim an teanga a bhí le scrúdú a chur ar chainteoirí dúchais lena gceadú mar mhúinteoirí Gaeilge! Ach fágaimis siúd mar atá sé agus ní luafaidh muid 'plus ca change' leis sin! Chinn Mac Piarais ar theach samhraidh a thógáil ansin i Ros Muc, ar an aird ag breathnú anuas ar áilleacht Loch Eileabhrach.

Ar ndóigh, dá dtiocfadh an Piarsach go Ros Muc anois, seans go mbeadh scéal eile ann. Bheadh deacrachtaí móra aige cead pleanála a fháil ar an gcéad dul sios…abhcóide as Baile Átha Cliath 2, ag iarraidh teach samhraidh a thógáil, gan aon chlann air agus gan aon riachtanas tí aige féin, in áit atá áirithe mar limistéar speisialta caomhnaithe, SAC, agus gan aon 'frontage' ag an suíomh ar bhóthar poiblí! Agus ní áirím na ceisteanna a bheadh ann faoi chóras séarachais ar bhruach an locha! Sin rud amháin atá athraithe ó aimsir an Phiarsaigh!

Ach ós ag caint ar Theach an Phiarsaigh muid, molaim go láidir d'aon duine a thugann cuairt ar Chonamara gan dearmad a dhéanamh ar thuras a thabhairt ann. An uair dheiridh a bhí mise ann bhí Máirtín Ó Meachair ón Cheathrú Rua ina threoraí ansin ag an OPW agus thug sé an-léargas ar stair na háite agus ar an bPiarsach, dom féin agus don fhear a bhí i mo chuideachta, ceannasaí Chumann Ombudsman na tíre seo agus na Breataine. Agus thug sé an léargas sin dúinn in dhá theanga oifigiúla an Stáit, gan bunsiolla amach ná barrsiolla isteach.

Is trua nach bhfuil ionad mínithe buan tógtha ag an Stát i Ros Muc le tuiscint a thabhairt ar an chuid sin de stair agus d'oidhreacht na tíre agus le tábhacht an Phiarsaigh a mhíniú do chuairteoirí agus don phobal i gcoitinne, go háirithe don ghlúin óg atá ag freastal ar scoileanna na tíre. Nach mbeadh sé míle uair níos tráthúla do thurais scoile as gach cearn den tír a bheith ag dul chun na Gaeltachta agus chuig Ionad Mínithe an Phiarsaigh i Ros Muc seachas a bheith ag dul cuid de na roghanna eile a chuirtear ar fáil mar 'school tours'?

Tá a fhios agam go raibh cuid mhór oibre déanta ag mo sheanchara, Seosamh Ó Cuaig, agus daoine eile ag cur an cháis chun cinn in imeacht na mblianta go dtógfaí ionad mínithe den chineál sin a bheadh ina bhuntáiste don phobal i gcoitinne agus don phobal áitiúil chomh maith le cách. Nach tráthúil an comóradh ar an bPiarsach a bheadh ann dá ndéanfaí é in am don chomóradh céad bliain ar Éirí Amach na Cásca? Tuigim go bhfuil an talamh ar fáil, an plean dréachtaithe agus ní theastaíonn anois ach an tacaíocht stáit: bímis ag súil go dtiocfaidh sin.

A chairde, is tráthúil an rud é gur íomhá den Phiarsach mar mhúinteoir scoile atá sa ghradam seo atá le bronnadh ar Threasa Ní Ailpín. A cuid múinteoireachta féin agus an cúnamh a thug sí don mhúinteoireacht i gcoitinne ina saothar ar fad atá á cheiliúradh anseo anocht. Is álainn an píosa oibre é seo, greanta i gcré-umha agus marmar…agus is onóir agus pléisiúir dom anois é a bhronnadh ar bhuaiteoir Ghradam an Phiarsaigh 2012…Treasa Ní Ailpín.